Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Iúil 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0250(COD)**

**11840/23**
**ADD 3**

**JAI 1007**
**COPEN 259**
**DROIPEN 110**
**FREMP 218**
**SOC 537**
**CODEC 1373**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Iúil 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2023) 247 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2012/29/AE lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2023) 247 final.

---

Faoi iamh: SWD(2023) 247 final

GA

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.7.2023
SWD(2023) 247 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**lena leasaítear Treoir 2012/29/AE lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle**

{COM(2023) 424 final} - {SEC(2023) 270 final} - {SWD(2023) 246 final}

| Bileog achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| **Measúnú tionchair don athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cearta Íospartach (Treoir 2012/29/AE)** |
| **A. An gá le gníomhaíocht** |
| **Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?** |
| Leanann an measúnú tionchair seo an mheastóireacht ar an Treoir maidir le Cearta Íospartach (VRD). Is é VRD an phríomhionstraim chothrománach do chearta íospartach. Leagtar síos leis cearta d'íospartaigh uile na coireachta uile, lena n-áirítear an ceart chun faisnéise, an ceart chun tacaíochta agus cosanta bunaithe ar riachtanais aonair na n-íospartach, cearta nós imeachta agus an ceart chun cinneadh a fháil maidir le cúiteamh ón gciontóir ag deireadh imeachtaí coiriúla.<br><br>Léiríodh sa mheastóireacht a foilsíodh i mí an Mheithimh 2022 gur baineadh amach na tairbhí a raibh coinne leo leis an Treoir, go háirithe maidir leis an gcóireáil fhoriomlán a thugann na húdaráis inniúla d'íospartaigh, cumas na n-íospartach brath ar a gceart chun faisnéise agus cosanta, agus rochtain ar an gceartas agus ar sheirbhísí tacaíochta. Mar sin féin, leagadh béim sa mheastóireacht freisin ar fhadhbanna sonracha a bhaineann le gach ceann de na cúig phríomhcheart atá ag íospartaigh sa Treoir. Cuireann na fadhbanna sin bac ar chumas íospartach brath ar a gcearta faoin Treoir agus baineann siad an bonn den mhuinín i scéimeanna ceartais náisiúnta agus scéimeanna ceartais i mBallstáit eile. Is é an toradh a bhíonn ar an leibhéal íseal muiníne sin ná tearcthuairisciú na coireachta agus dochar a dhéanamh d'fheidhmiú rianúil an limistéir Eorpaigh Saoirse, Slándála agus Ceartais. Chun dul i ngleic leis na fadhbanna sin, tá gá le leasú ar VRD, leasú nach féidir a bhaint amach ach ar leibhéal an Aontais. Tá cúig phríomhfhadhb ann:<br>1. ní i gcónaí a fhaigheann íospartaigh **faisnéis** faoina gcearta, nó faigheann siad faisnéis neamhleor a fhágann go bhfuil sé níos deacra nó dodhéanta dóibh na cearta sin a fheidhmiú;<br>2. ní i gcónaí a bhaineann íospartaigh leochaileacha (amhail leanaí, daoine faoi mhíchumas, íospartaigh na fuathchoireachta agus íospartaigh atá faoi choinneáil) tairbhe as measúnú tráthúil ar a riachtanais **chosanta** agus ní bhíonn bearta cosanta éifeachtacha ar fáil díobh, amhail orduithe cosanta;<br>3. is minic nach féidir le híospartaigh leochaileacha brath ar **thacaíocht** speisialaithe, amhail cóireáil shíceolaíoch fhadaithe, agus is minic nach féidir le híospartaigh ar leanaí iad brath ar chur chuige spriocdhírithe;<br>4. is minic a bhíonn sé deacair ar íospartaigh a bheith **rannpháirteach in imeachtaí coiriúla** mar gheall ar easpa comhairle dlí agus easpa treorach dlí agus difríochtaí i rialacha a bhaineann le stádas íospartach sna nósanna imeachta sin;<br>5. bíonn an rochtain atá ag íospartaigh ar chúiteamh deacair mar gheall ar an easpa tacaíochta stáit agus an cúiteamh a ordaíodh ón gciontóir á fhorfheidhmiú, rud a fhágann go bhfuil baol ann go gcruthófaí íospairt thánaisteach. |
| **Cad é ba cheart a bhaint amach?** |
| Is é cuspóir ginearálta an tionscnaimh seo rannchuidiú le **limistéar saoirse, slándála agus ceartais a fheidhmíonn go maith** agus atá bunaithe ar an méid seo a leanas: (i) aitheantas rianúil a thabhairt do bhreithiúnais agus do chinntí breithiúnacha in ábhair choiriúla; (ii) ardleibhéal slándála mar gheall ar thuairisciú feabhsaithe ar choireacht; agus (iii) ceartas atá dírithe ar íospartaigh, áit a n-aithnítear íospartaigh agus inar féidir leo brath ar a gcearta. Bainfear an cuspóir sin amach trí na caighdeáin íosta maidir le cearta íospartach a neartú. |

Sainaithníodh **cúig chuspóir shonracha**:

1. feabhas suntasach a chur ar an rochtain atá ag íospartaigh ar fhaisnéis, lena n-áirítear iad siúd nach ndéanann coir a thuairisciú;
2. bearta cosanta d'íospartaigh a ailíniú níos gaire dá riachtanais chun sábháilteacht íospartach leochaileach a áirithiú;
3. rochtain ar thacaíocht speisialaithe d'íospartaigh leochaileacha, lena n-áirítear leanaí, a fheabhsú;
4. rannpháirtíocht níos éifeachtaí na n-íospartach in imeachtaí coiriúla;
5. rochtain ar chúiteamh ón gciontóir a éascú.

**Cad é an breisluach atá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?**

Is féidir an ghníomhaíocht is gá chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a leagtar amach thuas a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr ar leibhéal an Aontais. Chuirfeadh sé sin feabhas ar fhorfheidhmiú chearta na n-íospartach agus chuideodh sé leis na héagsúlachtaí i rialacha na mBallstát a laghdú. Chuideodh an ghníomhaíocht, ar a seal, le muinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit a mhéadú agus le haitheantas frithpháirteach breithiúnas, cinntí breithiúnacha agus comhar póilíneachta agus breithiúnach in ábhair choiriúla a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo a éascú. Trí VRD a leasú, rachfar i ngleic leis na heasnaimh a sainaithníodh agus cuirfear feabhas ar thaithí na n-íospartach ar an leibhéal náisiúnta agus i gcásanna trasteorann. Ní fhéadfadh na Ballstáit an méid sin a bhaint amach agus iad ag gníomhú ina n-aonar.

**B. Réitigh**

**Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil,**

**cén fáth nach bhfuil?**

Tá roinnt roghanna beartais reachtaigh forbartha ag an gCoimisiún. Cuireadh roghanna neamhreachtacha as an áireamh ós rud é go n-áirítear cheana féin i straitéis um chearta íospartach 2020-2025 bearta neamhreachtacha a bheidh le cur chun feidhme sna blianta amach romhainn, ach tá an tionchar a mheastar a bheidh acu san áireamh sa bhonnlíne. Freagraíonn gach rogha beartais do na cuspóirí sonracha sainaitheanta.

**Cuspóir sonrach 1**

- Rogha I.1: **Oibleagáid a chruthú chun sásra náisiúnta comhordúcháin a chur ar bun** idir údaráis forfheidhmithe dlí, údaráis bhreithiúnacha (ionchúisitheoirí agus breithiúna) agus eagraíochtaí tacaíochta. D'oibreodh siad le chéile chun a áirithiú go bhfaigheadh íospartaigh faisnéis atá in oiriúint dá riachtanais aonair a bhíonn ag athrú. Ba cheart a áireamh sna sásraí comhordúcháin prótacail shonracha maidir le faisnéis a sholáthar d'íospartaigh atá faoi choinneáil nó atá in institiúidí dúnta eile.
- Rogha I.2: **Rogha I.1 +** Oibleagáid a chruthú ionas go mbeidh **línte cabhracha náisiúnta d'íospartaigh** mar an chéad phointe teagmhála d'íospartaigh uile na coireachta uile, go gcuirtear tacaíocht mhothúchánach ar fáil leo agus go ndéantar íospartaigh a chur ar aghaidh chuig seirbhísí tacaíochta speisialaithe leo más gá, go ndéantar uimhir theileafóin 116 006 an Aontais a úsáid, agus go gcuirtear suíomh gréasáin le teicneolaíocht úrscothach ar fáil chun an rochtain is fearr a thabhairt sa chuid is mó de na teangacha labhartha agus do dhaoine faoi mhíchumas.
- Rogha I.3: **Rogha I.1 +** Sásra a bhunú trína gcuireann **eagraíochtaí tacaíochta d'íospartaigh eolas**

**réamhghníomhach ar fáil d'íospartaigh** (le rogha an diúltaithe). Nuair a dhéanann íospartach coir a thuairisciú nó nuair a aithnítear gur íospartach é, déanann eagraíocht tacaithe íospartach teagmháil leis an té sin, eagraíocht a chuirfidh faisnéis ar fáil faoi chearta íospartach agus faoi infhaighteacht seirbhísí tacaíochta**.** Áirítear leis an rogha seo **oibleagáid ar gach duine nó institiúid a bhíonn i dteagmháil le híospartaigh** (eagraíochtaí tacaíochta d'íospartaigh, gairmithe leighis, gairmithe sóisialta agus leasa) íospartaigh a chur ar an eolas faoina gcearta.

De réir na hanailíse agus an mheasúnaithe, is é **I.2 an rogha thosaíochta**.

**Cuspóir sonrach 2**

- Rogha II.1: A áirithiú go **bhfeabhsófar** an **measúnú aonair ar riachtanais chosanta na n-íospartach,** a leagtar síos faoi láthair in Airteagal 22 VRD, tríd an méid seo a leanas a chur leis: (i) an measúnú a dhéanamh tráth a dhéantar an chéad teagmháil leis na húdaráis inniúla; (ii) páirt a thabhairt do sheirbhísí tacaíochta, lucht forfheidhmithe dlí agus na breithiúna; (iii) meastóireacht a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le déantóir na coire (amhail mí-úsáid alcóil nó seilbh arm); agus (iv) measúnú ar riachtanais aonair tacaíochta a áireamh.

- Rogha II. 2: **Rogha II.1 + Neartú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as bearta cosanta le haghaidh cosaint fhisiceach íospartach**, amhail orduithe cosanta, trí bhearta cosanta a chur leis an liosta de bhearta cosanta speisialaithe a leagtar síos faoi láthair in Airteagal 23 VRD, ar bearta iad a bheidh le húsáid ag na húdaráis inniúla tar éis measúnú aonair a dhéanamh.
- Rogha II.3: **Rogha II.2** + Caighdeáin íosta a fhorchur maidir le hábhar agus **coinníollacha chun bearta cosanta fisicí a chur i bhfeidhm**, amhail orduithe cosanta agus bearta cosanta finnéithe, tar éis measúnú aonair a dhéanamh.

De réir na hanailíse agus an mheasúnaithe, is é **II.2 an rogha thosaíochta**.

**Cuspóir sonrach 3**

- Rogha III.1: A áirithiú go mbeidh **seirbhísí tacaíochta speisialaithe ar fáil do na híospartaigh uile ar leanaí iad** san áitreabh céanna bunaithe ar **shamhail Barnahus** (tacaíocht agus cosaint ilghníomhaireachta a chur ar fáil, in aon áit amháin, d'íospartaigh na coireachta ar leanaí iad) agus **cabhair shíceolaíoch saor in aisce a chur ar fáil chomh fada agus is gá do gach íospartach leochaileach atá i ngátar**. D'áireofaí leis sin comhordú náisiúnta na seirbhísí tacaíochta, na n-údarás forfheidhmithe dlí agus na n-údarás breithiúnach agus tacaíocht a sholáthar atá oiriúnach ó thaobh aoise de agus an chosaint is gá a sholáthar chun aghaidh a thabhairt go cuimsitheach ar riachtanais na n-íospartach.
- Rogha III.2: **Rogha III.1 +** A áirithiú go mbeidh seirbhísí tacaíochta speisialaithe ar fáil do **gach íospartach leochaileach**. D'áireofaí leis sin comhordú náisiúnta na seirbhísí tacaíochta, na n-údarás forfheidhmithe dlí agus na n-údarás breithiúnach (ní gá gur ar an áitreabh céanna a bheadh siad). **I gcás gach íospartach leochaileach**, d'áireofaí le seirbhísí tacaíochta speisialaithe **tacaíocht shíceolaíoch shaor in aisce chomh fada agus is gá** dá léireodh an measúnú aonair go bhfuil gá leis. Chuirfeadh sé leis an bhforáil atá ann faoi láthair in Airteagal 9(1) den Treoir, lena bhforáiltear do na seirbhísí sin i gcás ina bhfuil siad ar fáil.
- Rogha III.3: **Rogha III.1 +** A áirithiú go mbeidh **seirbhísí tacaíochta speisialaithe** ar fáil do **gach íospartach leochaileach** (ní amháin leanaí). Is féidir na seirbhísí seo a chur ar fáil ar an áitreabh céanna nó trí lárphointe teagmhála bunaithe ar shamhail Barnahus. A áirithiú go gcuirfidh seirbhísí tacaíochta speisialaithe **tacaíocht shíceolaíoch shaor in aisce ar fáil chomh fada agus is gá d'íospartaigh *uile* na coireachta** (ní hamháin d'íospartaigh leochaileacha). Ba cheart an tacaíocht sin a shainaithint le linn an mheasúnaithe aonair ar thacaíocht.

De réir na hanailíse agus an mheasúnaithe, is é **III.2 an rogha thosaíochta**.

**Cuspóir sonrach 4**

- Rogha IV.1: Ceart a bhunú d’íospartaigh **cúnamh dlíthiúil/riaracháin a fháil** agus **duine dá rogha féin a bheith in éineacht leo** le linn na n- imeachtaí coiriúla, gan beann ar cé acu an páirtí foirmiúil sna himeachtaí é an t-íospartach nó nach ea. Ceart a bhunú d’íospartaigh chun **agóid a dhéanamh i gcoinne na gcinntí maidir le himeachtaí coiriúla a bhaineann go díreach leo.** Bheadh ar na Ballstáit a áirithiú gur féidir le híospartaigh agóid a dhéanamh i gcoinne cinntí den sórt sin gan beann ar a stádas féin sna himeachtaí coiriúla agus i gcomhréir le prionsabal an athbhreithnithe bhreithiúnaigh.
- Rogha IV.2: **Rogha IV.1 + leasú ar an gceart atá ann faoi láthair** faoi Airteagal 13 VRD **ar chúnamh dlíthiúil, atá teoranta faoi láthair d’íospartaigh atá ina bpáirtithe in imeachtaí coiriúla**. Leathnófaí an ceart chun cúnamh dlíthiúil a áirithiú d’íospartaigh nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu **agus iad ag cur i gcoinne cinntí maidir lena gcearta le linn imeachtaí coiriúla**. Is faoin dlí náisiúnta a chinnfear na coinníollacha nó na rialacha nós imeachta faoinar féidir le híospartaigh rochtain a fháil ar chúnamh dlíthiúil.
- Rogha IV.3: Foráil a dhéanamh maidir le **ceart na n-íospartach páirt a ghlacadh mar pháirtí foirmiúil sna himeachtaí coiriúla** gan beann ar na srianta reatha faoin dlí náisiúnta. Dá bhrí sin, na cearta atá ag íospartaigh faoi láthair faoi VRD chun páirt a ghlacadh in imeachtaí coiriúla, amhail rochtain ar chomhad an cháis agus rochtain ar chúnamh dlíthiúil, bheadh feidhm acu maidir le híospartaigh le linn imeachtaí coiriúla.

De réir na hanailíse agus an mheasúnaithe, is é **IV.1 an rogha thosaíochta**.

**Cuspóir sonrach 5**

- Rogha V.1: An **ceart a bhunú d’íospartaigh cinneadh a fháil maidir le cúiteamh ón gciontóir le linn na n-imeachtaí coiriúla** gan an eisceacht atá ann faoi láthair faoi Airteagal 16 den Treoir i gcás ina bhforáiltear leis an dlí náisiúnta go ndéanfar cinneadh den sórt sin in imeachtaí dlíthiúla eile.
- Rogha V.2: **Rogha V.1**. + Oibleagáid a chruthú ar **na Ballstáit an cúiteamh atá dlite ón gciontóir a íoc roimh ré leis an íospartach díreach tar éis an bhreithiúnais** agus ansin aisíocaíocht an chúitimh a lorg ón gciontóir.
- Rogha V.3: **Caighdeáin íosta a fhorchur maidir le cúiteamh stáit trí Threoir 2004 maidir le Cúiteamh a leasú.** D’áireofaí leis sin raon feidhme na Treorach maidir le Cúiteamh a leathnú chun gach coir a áireamh (ní hamháin coireanna foréigneacha agus intinniúla). Caighdeáin íosta a fhorchur maidir leis na coinníollacha ar chúiteamh stáit faighte trí leasú a dhéanamh ar Threoir 2004 maidir le Cúiteamh (lena n-áirítear na teorainneacha ama riaracháin chun déileáil le cásanna laistigh de thréimhsí ama atá réasúnta, agus na coinníollacha maidir le conas méid an chúitimh a chinneadh).

De réir na hanailíse agus an mheasúnaithe, is é **V.2 an rogha thosaíochta**.

**Is éard atá i bpacáiste na roghanna tosaíochta roghanna I.2, II.2, III.2, IV.1 agus V.2**. Baineann an meascán sin an scór is airde amach maidir leis na critéir go léir agus táthar ag súil go mbeidh na tairbhí is mó ag íospartaigh ar fud an Aontais ag baint leis agus, ag an am céanna, go n-urramófar teorainneacha an bhunúis dlí agus chomhréireacht ghníomhaíocht an Aontais.

**Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla agus cé na bearta is rogha leo?**

Tacaíonn formhór na bpáirtithe leasmhara leis an athbhreithniú ar VRD. Rinneadh na roghanna uile a phlé agus a sheiceáil le hionadaithe ó eagraíochtaí tacaíochta d'íospartaigh, údaráis na mBallstát agus gníomhaireachtaí an

| |
|---|
| Aontais, amhail an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust). Ina theannta sin, rinneadh an tsaincheist a phlé i sainghrúpa an Choimisiúin maidir leis an dlí coiriúil, ina bhfuil lucht léinn agus cleachtóirí. Fuarthas ionchur breise trí roinnt comhairliúchán poiblí. Cé gur thug páirtithe leasmhara tacaíocht leathan do na roghanna go léir, bhí drogall ar roinnt Ballstát rogha IV.3 a roghnú toisc go gcuirfeadh sé isteach ar thraidisiúin dhlíthiúla áirithe. |
| **C. Tionchar na rogha tosaíochta** |
| **Cé na tairbhí a bhaineann leis an rogha thosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?** |
| Táthar ag súil go dtabharfaidh an pacáiste roghanna tosaíochta aghaidh go héifeachtach ar na príomhfhadhbanna agus go gcomhlíonfaidh sé na cuspóirí ginearálta agus sonracha. Ba cheart éifeachtaí dearfacha suntasacha a bheith acu ar chearta íospartach, lena n-áirítear rochtain níos fearr ar fhaisnéis, tacaíocht agus cosaint agus rannpháirtíocht níos fearr in imeachtaí coiriúla, lena n-áirítear cúiteamh. Ar an iomlán, beidh rochtain níos fearr ag íospartaigh ar an gceartas agus cosaint níos fearr ar a gcearta bunúsacha mar thoradh air sin. D’fhéadfadh tairbhí sochaíocha níos leithne a bheith mar thoradh ar na tairbhí sin d’íospartaigh. Áirítear ar na tairbhí sin feidhmiú níos fearr chórais cheartais na mBallstát, tearcthuairisciú níos ísle ar choireacht agus leitheadúlacht níos ísle na coireachta i gcoitinne. Áiritheofar leis an bpacáiste tosaíochta go mbeidh éifeachtaí comhcheangailte ag cur chun feidhme na roghanna go léir toisc gur ceapadh iad chun tacú lena chéile (mar shampla, beidh rochtain níos fearr ar thacaíocht mar thoradh ar rochtain níos fearr ar fhaisnéis, rud a chiallóidh rannpháirtíocht níos fearr d’íospartaigh in imeachtaí coiriúla). |

| Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann dóibh; murab ann dóibh, cad iad na príomhchostais)? | | | |
|---|---|---|---|
| | **Sochair (milliún EUR)**<br>**Meánchás- 5 bliana; ráta lascaine sóisialta 3 %**[1] | **Costais (milliún EUR)**<br>**Meánteorainneacha ísle agus arda — 5 bliana; ráta lascaine sóisialta 3 %** | **Glansochar (EUR milliún) — 5 bliana; ráta lascaine sóisialta 3 %** |
| **Rogha I.2** | 1 388 | 231 | 6 |
| **Rogha II.2** | 1 488 | 25 | 59 |
| **Rogha III.2** | 10 217 | 9 336 | 1 |
| **Rogha IV.1** | 266 | 255 | 1 |
| **Rogha V.2** | 9 732 | 8 897 | 1 |
| **IOMLÁN** | 23 091 | 18 743 | 1.2 |

**Cén tionchar a imreofar ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus ar an iomaíochas?**

Níltear ag súil le haon tionchar suntasach ar FBManna ná ar iomaíochas. Is féidir a bheith ag súil le roinnt tairbhí do ghairmithe FBManna a chuireann cúnamh dlíthiúil nó tacaíocht shíceolaíoch ar fáil d'íospartaigh de réir mar a mhéadóidh a ngnó mar thoradh ar an tionscnamh.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Is ar na Ballstáit den chuid is mó a bheidh na costais a bhaineann leis an Treoir athbhreithnithe a chur chun feidhme. Beidh costais ar an Aontas chun malartú dea-chleachtas agus gníomhaíochtaí comhordúcháin a áirithiú, lena n-áirítear san Ardán um Chearta Íospartach agus sa Líonra Eorpach maidir le Cearta Íospartach. Baineann an rogha is costasaí le seirbhísí tacaíochta spriocdhírithe agus comhtháite a áirithiú do na híospartaigh is leochailí, lena n-áireofaí Barnahus. Mar sin féin, is mó na tairbhí ná na costais i ngach rogha. Mar sin féin, is de chineál neamhairgeadais na tairbhí is mó.

**An mbeidh aon tionchar mór eile i gceist?**

Áirítear ar na tionchair is suntasaí forfheidhmiú níos fearr chearta bunúsacha na n-íospartach ar fud an Aontais, lena n-áirítear maidir le roinnt de na dearbhchearta bunúsacha (amhail an ceart chun cosanta pearsanta i gcásanna foréigneacha/bagracha don bheatha) agus na hiarmhairtí dearfacha indíreacha sóisialta agus eacnamaíocha a bhaineann leis. Trí rochtain chomhionann ar fhaisnéis, ar chosaint, ar thacaíocht, ar cheartas agus ar chúiteamh a éascú, cuirfidh an tionscnamh deiseanna níos cothroime ar fáil do gach íospartach chun a gcearta a fheidhmiú. Cuirfidh sé sin go mór le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDG) 10 de chuid na Náisiún Aontaithe lena ndírítear ar neamhionannais a laghdú. Ina theannta sin, agus é mar sprioc fhoriomlán leis an muinín as institiúidí agus seirbhísí a thacaíonn le híospartaigh na coireachta a mhéadú, rannchuideoidh an tionscnamh leis an smacht reachta a chur chun

[1]Is é seo an ráta lascaine sóisialta a mholtar in Uirlis#64 de na treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr.

**Comhréireacht?**

Cuireann gach beart sa phacáiste roghanna tosaíochta le forálacha VRD agus tá siad i bhfeidhm cheana féin i bhformhór na mBallstát. D'éirigh go han-mhaith leo go léir agus iad ag déileáil leis na fadhbanna a chuirtear i láthair sa mheasúnú tionchair seo. Cuirtear caighdeáin íosta ar bun sa phacáiste. Tugadh an chomhréireacht san áireamh freisin agus costais na roghanna éagsúla á ríomh. Rinneadh comhréireacht na mbeart a mheas agus a thástáil go cúramach le páirtithe leasmhara. Comhlíonann an pacáiste beart atá beartaithe an critéar reachtach maidir le bheith teoranta do chaighdeáin íosta a shocrú.

cinn agus le rochtain chomhionann ar an gceartas a áirithiú, rud a chuirfidh le SDG 16. Ar an iomlán, beidh tionchar dearfach ag tacaíocht níos fearr d'íospartaigh na coireachta, ní hamháin ar chearta bunúsacha na n-íospartach, ach ar chomhtháthú sóisialta agus ar scéimeanna ceartais náisiúnta agus scéimeanna ceartais de chuid an Aontais freisin.

**D. Obair leantach**

Beidh faireachán rialta bunaithe ar shonraí a bheidh ar na Ballstáit a thuairisciú don Choimisiún. Ina theannta sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an tionscnaimh chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid a baineadh amach cuspóirí beartais an tionscnaimh (agus ar na ceithre chritéar eile a bhaineann le héifeachtúlacht/simpliú a d'fhéadfadh a bheith ann, le comhleanúnachas, le hábharthacht agus le breisluach an Aontais). Beidh an mheastóireacht sin bunaithe ar tháscairí maidir le cur chun feidhme na roghanna éagsúla sa phacáiste.